



U 29 JUILLET 188
SUR LA
ERTÉ DE LA PRE
COMMENTAIRE DU TEXTE DE LA LOI;
EXPOSÉS DE MOTIFS, RAPPORTS ET
HAMBRE DES DÉPUTÉS ET AU S
PAR



# Saoirse Cainte,
# Saoirse Stáit agus
# Saoirse le dul ar Strae


Luán ó Braonáin A.S.

Cumann Barra na Gaeilge


Páras, 12 Meitheamh 2025

# Saoirse Cainte

# -

# Cad Chuige É?




**Cosaint i gCoinne Tíorántachta**

- *m.sh. An Aifric Theas – leabhar polaitiúil, téacsleabhair scoile, scannáin, ealaíon, focail – liosta Trump*

**Tóraíocht na Fírinne**

- *an baol: ligeann sé do na cúirteanna a chinneadh nach fiú cosaint a thabhairt do chaint, dar leo, nach dtacaíonn leis an bhfírinne*

**Margadh Saor na Smaointe**

- *an baol: ligeann sé do na himreoirí is láidre cumhacht a chruinniú agus smaointe a fhoilsiú le díolachán a mhéadú*

**Féinriail**

- *Kant – saoránaigh saor le glacadh le bréaga – teorainn le húdarás an Stáit*


**Neodracht an Stáit agus Caoimhfhulaingt Liobrálach**

- *ach an féidir le Stáit a bheith neodrach i leith bhuntáistí an liobrálachas féin?*

**Saoirse Cainte mar Leas Poiblí**

- *gur cheart saoirse cainte a chosaint ar leas an phobail – mar chuid dhílis de chóras daonlathach*

# Bunreacht na hÉireann 1937




## Airteagal 40.3.2°

- *Déanfaigh an Stát, go sonrach, **lena dhlíthe**, beatha agus pearsa agus **dea-chlú** agus maoinchearta **an uile shaoránaigh** a **chosaint** ar **ionsaí éagórach chomh fada lena chumas**, agus **iad a shuiomh** i gcás **éagóra***


## Airteagal 40.6.1°

- *Ceart na saoránach chun a ndeimhní is a dtuairimí a nochtadh gan bac.*
- *Ach toisc **oiliúint aigne an phobail** a bheith chomh **tábhachtach** sin do **leas an phobail**, féachfaidh an Stát lena chur in áirithe **nach ndéanfar orgain aigne an phobail**, mar shampla, an raidió is an preas is an cineama, a úsáid chun **an t-ord** nó **an mhoráltacht phoiblí** nó **údarás an Stáit** a bhonn-bhriseadh. San am chéanna coimeádfaidh na horgain sin **an tsaoirse is dleacht dóibh chun tuairimí a nochtadh** agus orthu sin **tuairimí léirmheasa ar bheartas an Rialtais***
- *Aon ní ceannairceach nó graosta a fhoilsiú nó a aithris is cion inphionóis é de réir dlí.*

## ***Mahon v Post Publications [2007] 3 IR 338***

- *coimhlint idir rúndacht agus saoirse cainte*
- *"síneann an ceart chun saoirse cainte, a ráthaítear ag an mBunreacht agus ag an gCoinbhinsiún araon, an chosaint chéanna do fhoilseacháin gan luach, mhígheanasacha agus mhealltacha is a thugann sé do shaothair atá fiúntach, tromchúiseach agus tairbheach don tsochaí" (Fennelly Brmh)*

# Dlíospóireacht i bPáras!



**Cás dlí ábharach, le ceangal idir Éire agus an Fhrainc?**

**Cás dlí ina raibh ceisteanna Saoirse le plé?**

- Saoirse taistil
- “Saoirse” mí-iompar
- Clúmhilleadh
- Saoirse cainte – preas, pribhléid, poiblíocht
- Saoirse ó ionchúiseamh

# Dúnmharú i gCorcaigh



Sophie Toscan du Plantier – 23 Nollaig 1996

Deir Marie Farrell in Eanáir 1997 gur Ian Bailey a chonaic sí ar An gCaol Fada an mhaidin céanna

Gabhadh Ian Bailey 10 Feabhra 1997

Gabhadh Ian Bailey arís 27 Eanáir 1998

Príomh-amharstach sa Dúnmharú

# Gearán Clúmhillte i gCoinne Nuachtáin

**Cás clúmhilleadh i gcoinne ocht nuachtán - Nollaig 2003**

**Teannas idir cosaint clú agus saoirse cainte**

**"Dúnmharfóir" vs "Duine is mó faoi amhras"**

**6 Chás Caillte (costaisí €300k) – 2 Chás Buaite (€8k)**

**Breithiúnas na Cúirte – Droch-Dhamáiste**

**Fear Foréigneach**

- ach gan fianaise gurb amhlaidh a bhí lena iar-bheanchéile

**Fear Bladhmannach – Dúil sa Phoiblíocht**

**Achomhairc Réitithe 2007**

# Eiseachadadh agus Comhalartacht Trasteorann

**Dhiúltaigh Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí in Éirinn cúiseamh a thabhairt i gcoinne Ian Bailey ar an mbonn nach raibh fianaise den chaighdeán riachtanach curtha ar fáil**

**Bhí na Stiúrthóirí araon den tuairim nach nglactar le héarsma, ráflaí, tuairimíocht, amhras, caint na sráide, ná fianaise ar dhrochcharachtar mura bhfuil nasc díreach acu leis an gcoir**

**D'eisigh Poblacht na Fraince Barántas Gabhála Eorpach i 2010 ag lorg go dtabharfaidh suas Ian Bailey maidir leis an dúnmharú i 1996**

**Ar achomhairc ó ordú na hArd-Chúirte (Peart J), dhiúltaidh an Chúirt Uachtarach i 2012 Ian Bailey a thabhairt suas go dtí an Fhrainc, agus ordaíodh é a scaoileadh saor arís**

- *Léirmhíniú ar Alt 21A den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003*
  - *Ní raibh cinneadh déanta sa Fhrainc Ian Bailey a chúisiú chun triail, ach é a chúisiú chun fiosrúcháin*
- *Léirmhíniú ar Alt 44 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003*
  - *Déanadh an coir lasmuigh den Fhrainc*
  - *Ní raibh comhalartacht idir an Fhrainc agus Éire maidir le dúnmharú ar shaoránach den stáit lasmuigh den stat, líomhnaithe i gcoinne neamh-shaoránach*

**Agus cinneadh faoin am sin déanta le Ian Bailey a chúisiú chun triail, d'eisigh Poblacht na Fraince Barántas Gabhála Eorpach i 2016 eile ag lorg go dtabharfaidh suas é.  Dhiúltaigh an Ard-Chúirt a leithéid a ordú**

# Triail *In Absentia* sa Fhrainc

- Ciontaithe sa Fhrainc *in absentia* mí Bealtaine 2019
- Gearradh 25 bliain príosúin ar Ian Bailey
- Agus Ian Bailey cionntaithe agus téarma príosúin gearrtha air, d'eisigh Poblacht na Fraince Barántas Gabhála Eorpach i Meitheamh 2019 ag lorg go dtabharfaidh suas é
- Dhiúltaigh an Ard-Chúirt a leithéid a ordú
- Ní raibh comhalartacht ann fós idir an dul chuige ag an Fhrainc agus ag Éire maidir le dúnmharú saoránaigh thar lear

# Tionchar Pearsanta agus Sóisialta

- **Teorainn le saoirse Ian Bailey taisteal chuig baillstáit eile ar eagla go ndéanfaí é a ghabháil**

- **Críoch gar don deireadh leis an gcaidreamh fada idir Ian Bailey agus Jules Thomas**

- **Clú millte?**
  - *"West Cork" (Podcast – Audible 2018, iTunes 2021)*
  - *"Sophie: A Murder in West Cork" (Netflix, 2021)*
  - *"Murder at the Cottage: The Search for Justice for Sophie" (Sky Crime, 2021)*

- **Bás – 21 Eanáir 2024**
  - *Saor ó ionchúiseamh agus ón bpíonós a gearradh air*
  - *Scríbhinní gafa ag Gardaí*
  - *Scannán eile ar an mbealach*

# Saoirse le dul ar Strae?

Tóir i gcónaí ar ainm in airde

Iompar bladhmannach poiblí

Fear foréigneach

Nuair a choimeád sé a shaoirse, ní faoi féin ná a iompar a bhí na hargóintí

# Conclúid: Liberté

Céard is saoirse sa lá atá inniu ann?

Saoirse níos casta, trasteorann, conspóideach

Cé leis an tsaoirse? Cé a chosnaíonn í?

Creasú ar Chlú Loite – Am agus Iompar



**MERCI BEAUCOUP**

**GO RAIBH MÍLE MAITH AGAIBH**

